CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Státseirbhísigh atá ag fónamh lasmuigh den Stát Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

Cuid A

Is státseirbhíseach mé agus duine cáilithe lena mbaineann Alt 12 den Acht Toghcháin 1992 agus, murach na riachtanais a bhaineann le mo chuid dualgas mar státseirbhíseach, bheinn i mo chónaí ag -

Cuir isteach seoladh iomláin poist an áitribh sa Stát a mbeadh tú i do chónaí murach na riachtanais a bhaineann le do chuid dualgas: **(bloclitreacha)**							
Eircode:							

Táim ag éileamh go ndéantar m'ainm/agus ainm mo chéile/mo pháirtnéir sibhialta atá ina chónaí/ina cónaí in éineacht liom a chur san áireamh ar chlár na dtoghthóirí i ndáil leis an áitreabh sin. Deimhním go bhfuil na sonraí seo leanas maidir liom féin /agus le mo chéile/mo pháirtnéir sibhialta atá ina chónaí/ina cónaí in éineacht liom cruinn.[#]

Sonraí an Státseirbhísigh:	
Ainm: **(bloclitreacha)**	
Dáta Breithe:	
Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost:	
An saoránach de chuid na hÉireann tú?	

Sonraí do Chéile/do Pháirtí Sibhialta	
Ainm: **(bloclitreacha)**	
Dáta Breithe:	
Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost:	
An saoránach de chuid na hÉireann tú?	

[#] Scrios amach an méid nach bhfuil infheidhme.

An Clár faoi Eagarthóireacht: Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√) sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm:	Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm ☐

Síniú an Státseirbhísigh:	
Dáta:	

Cuid B

Deimhniú

Le comhlánú ag Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Deimhním gur duine cáilithe é an té a thug an ráiteas thuas de réir an bhrí faoi Alt 12(1) den Acht Toghcháin 1992.

Síniú:	
Dáta Stampa na Roinne:	

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM SVS 5

Státseirbhísigh atá ag fónamh lasmuigh den Stát
Iarratas ó thoghthóirí chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do státseirbhísigh atá ag fónamh lasmuigh den Stát mar chomhaltaí de mhisin taidhleoireachta nó i bpoist chonsalacha agus a gcuid céilí/páirtnéirí nach bhfuil a n-ainm ar liosta na bpostvótalaithe iarratas a dhéanamh a n-ainm a áireamh ar an bhforlíonadh a ghabhann leis an liosta sin. Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is é atá sa dáta deiridh a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála le gur féidir an t-iarratas a bhreithniú i gcomhair an toghcháin sin. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúla nó i gcás Reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú i gcomhair an toghcháin nó an reifrinn sin.

2. Tríd an bpost amháin is ceadmhach do státseirbhísigh atá ag fónamh lasmuigh den Stát mar chomhaltaí de mhisin taidhleoireachta nó atá i bpoist chonsalacha vóta a chaitheamh. Faoi Alt 12 den Acht Toghcháin 1992, modhnaítear an ceanglas a bhaineann le gnáthchónaí d'fhonn clárú mar thoghthóir i gcás státseirbhíseach ar féidir, chun críche clárúcháin mar thoghthóirí, a mheas go bhfuil gnáthchónaí air/uirthi in áitreabh sa Stát a mbeadh siad ina gcónaí ann murach riachtanais a ndualgas. Ní mór seoladh an áitribh a chur in iúl don údarás clárúcháin lena mbaineann. Baineann an socrú seo freisin le céile/páirtnéir sibhialta státseirbhíseach den chineál seo, má tá sé nó sí ina chónaí/ina cónaí in éineacht leis nó léi ach ní bhaineann an socrú le haon duine eile dá líon tí.

3. Más duine tú den chineál a thuairiscítear thuas ach nach bhfuil d'ainm san áireamh i liosta na bpostvótálaithe reatha mar státseirbhíseach atá ag fónamh lasmuigh den Stát, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh d’ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe.

4. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh Cuid A den fhoirm seo. De ghnáth is é baile nó iarbhaile an iarratasóra agus a chéile/céile/ a pháirtnéir sibhialta/ a páirtnéir sibhialta an t-áitreabh sa Stát Ní mór seoladh iomlán poist an áitribh a thabhairt. Ní mór d'Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha Cuid B den deimhniú a chomhlánú agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig an údarás clárúcháin (an Chomhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae) sa limistéar a bhfuil an t-áitreabh suite.

5. Eircode

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

6. Mionsonraí teagmhála

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

7. An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár

Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den Chlár a fhoilsiú – an Clár iomlán agus an Clár faoi eagarthóireacht. Sa Chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Sa **Chlár faoi eagarthóireacht,** faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí ná mionsonraí do chéile/do pháirtnéir sibhialta a bheith san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√) a chur isteach **sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm**. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit ( ) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

8. Is cion é iarratas a dhéanamh ainm a áireamh ar liosta na bpostvótalaithe, mar státseirbhíseach atá ag fónamh lasmuigh den Stát, in ainm duine eile nó faisnéis bhréige nó mítreorach a thabhairt maidir le hiarratas.